

ATHCHRÍOCHNÚ FEITHICLE?

Cad is gá duit a bheith ar eolas agat*




CAITHFIDH TEASTAS BAILÍ COMHLÍONADH A BHEITH AGAT

Chun feidhmiú go dleathach, caithfidh tú teastas bailí comhlíonta a bheith agat ó d'údaráis áitiúil. Chun an teastas seo a fháil, ní mór duit cigireacht a chur in áirithe le Measúnóir Ceadaithe chun comhlíonadh leis na Rialacháin a fhíorú.

Is féidir le teastas comhlíonta maireachtáil suas le 3 bliana. Caithfidh tú do theastas a thaispeáint go soiléir ar an láthair.




CAITHFIDH TÚ TÁIRGÍ A USÁID A CHOMHLÍONANN NA RIALACHÁIN



Ní mór ach táirgí a chomhlíonann an teorainn ábhair VOC don chatagóir sin a úsáid. Caithfidh lipéad a bheith ar na táirgí leis an gcatagóir, an ábhar VOC i g/l, agus an teorainn VOC uasta don chatagóir sin. Is sárú díreach ar na Rialacháin é úsáid táirgí a sháraíonn an teorainn ábhair VOC. Ba chóir go mbeadh coimeádáin táirgí saor ó sceitheadh agus creimeadh.

CAITHFIDH TÚ TREALAMH A USÁID A CHOMHLÍONANN NA RIALACHÁIN

Ní mór go mbeadh éifeachtúlacht aistrithe 65% nó níos airde ag sprae-ghunnaí, agus caithfidh tú a bheith in ann é seo a léiriú. Níor chóir glanadh sprae-ghunnaí ach amháin i n-aonad glanta tiomnaithe. Caithfidh an t-aonad glanta sprae-ghunna a bheith dúnta go hiomlán.



CAITHFIDH TÚ TAIFID A CHOTHABHÁIL

Ní mór duit taifid a choinneáil ar gach táirge ina bhfuil VOC a ceannaíodh, na lítear a ceannaíodh, cineálacha na dtáirgí, agus an t-ábhar VOC i g/l. Ní mór duit ainm na soláthróirí a thaifeadadh a sholáthraíonn táirgí ina bhfuil VOC duit. Ní mór duit freisin taifid a choinneáil ar gach bailiú dramhaíola VOC ó do láthair agus taifid ar oiliúint foirne.





ATHCHRÍOCHNÚ FEITHICLE?

Cad is gá duit a bheith ar eolas agat*

CAITHFIDH TÚ DRAMHAÍOI INA BHFUIL VOC A STÓRÁIL I MBEALACH CUÍ

Is dramhaíl chontúirteach í dramhaíl ina bhfuil VOC agus cuireann sí bagairt ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaoil. Ní mór dramhaíl leachtach a stóráil i gcoimeádáin oiriúnacha atá séalaithe agus lipéadaithe, ar thráidire doirteadh nó i mbund. Ní mór dramhaíl sholadach a stóráil i gcoimeádán dúnta agus lipéadaithe.




NÍ MÓR DRAMHAÍOL VOC A BHAILIÚ ÓN LÁITHREÁN AG BAILITHEOIR DRAMHAÍOLA ÚDARTHA

Ní mór duit a chinntiú go bhfuil ceadúnas bailithe dramhaíola chontúirtí bailí ag an mbailitheoir dramhaíola. Ba chóir duit cóip den cheadúnas seo a fháil, chomh maith le cóip de cheadúnas an EPA don áis ina mbeidh an dramhaíl á tabhairt.

TÁ TÁIRGÍ INA BHFUIL VOC FAOIN RIALÁIL CHUN SLÁINTE AN DUINE AGUS AN COMHSHAOL A CHOSAINT

Má tá tú ag úsáid táirgí ina bhfuil VOC san athchríochnú feithiclí, ní mór duit cloí leis an dlí. Is féidir eolas faoi do chuid oibleagáidí a fháil trí logáil isteach ar na suíomhanna gréasáin atá liostaithe thíos nó trí theagmháil a dhéanamh le rannóg an chomhshaoil i d'údaráis áitiúil. **D'fhéadfadh eisiúnt fhógra íocaíochta seasta a bheith mar thoradh de neamhchomhlíonadh leis na Rialacháin, is é sin fineáil láithreach de €1000, nó má chiontaítear tú sa chúirt, d'fhéadfá a bheith faoi dhliteanas ar chiontú achoimre do fhíneálacha suas le €5000.**



NA CÉIMEANNA AR AGHAIDH:

- **Déan teagmháil le rannóg an chomhshaoil i d'údaráis áitiúil chun a chur in iúl dóibh go bhfuil sé i gceist agat leanúint ar aghaidh le hathchríochnú feithiclí**
- **Déan teagmháil leis an Measúnóir Ceadaithe chun cigireacht a shocrú agus treoir a fháil: 01-5654730 nó trí ríomhphost chuig bes.aa@dnv.com**
- **Léigh agus bí eolach ar Threoirlínte um Chleachtas is Fearr don Athchríochnú Feithiclí ón EPA (seoladh gréasáin thíos)**

Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Péinteanna, Vearmaisí, Táirgí agus Gníomhaíochtaí Athchríochnaithe Feithiclí) 2012, I.R. Uimh. 564 de 2012, leagann siad amach na hoibleagáidí dlíthiúla maidir le táirgí agus gníomhaíochtaí athchríochnaithe feithiclí. Tá Treoirlínte um Chleachtas is Fearr don Athchríochnú Feithiclí foilsithe ag an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), agus is féidir iad a fháil ar na suíomhanna gréasáin thíos.

Chun eolas iomlán ar do chuid riachtanas a fháil, logáil isteach ar:
www.solvents.ie nó <https://www.dnv.com/energy/services/biodiversity-and-environment/audits-and-inspections/>